Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

General Certificate of Secondary Education
2011–2012

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2

Bonnsraith

**[GSC21]**

GSC21

**DÉ MÁIRT 8 SAMHAIN 2011**
**2.30 pm–3.15 pm**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** **(i)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**nítrigin : broincíteas : andúil : aonocsaíd charbóin**

Is féidir go bhfuil caitheamh tobac dochrach don chorp. I measc na substaintí dochracha atá i dtoit toitín tá nicitín agus

________________________. Tá tarra ann chomh maith agus is

féidir leis a bheith ina chúis le ______________________. [2]

**(ii)** Cad é an éifeacht atá ag nicitín ar an chorp?

____________________________________________________ [1]

**(b)** Déanann drugaí dochar fosta. Úsáid línte le gach cineál druga a cheangal dá phríomhéifeacht.

| **Druga** | **Éifeacht** |
|---|---|
| | Cuireann sé fearg ar úsáideoirí |
| Cócaon | |
| | Tugann sé mothú ‘ard’ d'úsáideoirí |
| Cannabas | |
| | Mothaíonn úsáideoirí go bhfuil siad ar a suaimhneas |

[2]

**(c)** Is breá le Seán a bheith ag ól alcóil ach síleann sé go bhfuil sé ag ól barraíocht agus ag déanamh dochar dá chorp.

**Ciorclaigh** dhá rud a thiocfadh leis a dhéanamh le srian a chur ar an méid alcóil a ólann sé.

**caife a ól**

**cloí le teorainneacha molta**

**deochanna ar bheagán alcóil a ól**

**ragús óil ag an deireadh seachtaine**

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**2** **(a)** Ainmnigh galar a bhfuil víreas ina chúis leis.

Roghnaigh ó:

**truis** **polaimiailítis** **eitinn**

______________________________ [1]

**(b)** Taispeánann an graf seo a leanas an dóigh a mbíonn líon na n-antasubstaintí san fhuil ag athrú le linn imdhíonachta éighníomhaí.




**(i)** Luaigh cad é a thugtar ag **X** le himdhíonacht éighníomhach a tháirgeadh.

Roghnaigh ó:

**teanndáileog** **antasubstaintí** **fuil**

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh buntáiste amháin as imdhíonacht éighníomhach.

Roghnaigh ó:

**tá sé buan : oibríonn sé go gasta : ní mhaireann sé ach ar feadh tréimhse ghairid**

______________________________________________ [1]

**(c)** Ainmnigh an cineál miocróib a ndéanann antaibheathaigh cosaint air.


Roghnaigh ó:

**víreas baictéir fungais**

______________________________________________ [1]

**(d)** Is mar gheall ar shláinte is fearr a bhfuil méadú ar an daonra.

Cé acu de na graif seo a leanas is fearr a thaispeánann an méadú seo?





Freagra (A, B nó C) _________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**3** **(a)** Úsáid an eochair thíos le gach ceann de na hainmhithe seo a leanas a shainaithint.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**A**



**B**



**C**




Cuir litir (**A**, **B** nó **C**) sa bhosca cheart taobh le hainm an ainmhí.

| | | |
|---|---|---|
| **1** Tá blaosc ann | Seilide uisce | |
| Níl blaosc ann | gabh go dtí 2 | |
| **2** Tá sciatháin ann | Feithid | |
| Níl sciatháin ann | Damhán alla | |

[2]

**(b)** Taispeánann an graf thíos na torthaí ar shuirbhé ar sheilidí uisce in abhainn i dTuaisceart Éireann le tríocha bliain anuas.



| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Ríomh an t-athrú ar líon na seilidí uisce ó 1980 go dtí 2010.

**Taispeáin do chuid oibre**

_____________________ [2]

**(ii)** Is speicis i mbaol iad seilidí anois. Cad é a tharlóidh dóibh má leanann an líon acu ag laghdú?

_____________________ [1]

**(iii)** Cad é an chúis is dóchúla leis an laghdú ar líon na seilidí uisce?

Roghnaigh ó:

**leibhéil uisce ag méadú : truailliú : níos mó bia ar fáil**

_____________________ [1]


**(iv)** Luaigh dhá phíosa faisnéise a léiríonn go bhfuil an suirbhé ar na seilidí uisce iontaofa.

1. _____________________

2. _____________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Rinne daltaí an turgnamh seo a leanas i rang eolaíochta.




*Adapted from: © GCSE biology for CCEA by R McIlwaine & J Napier, page 69, published by Hodder & Stoughton, 2003. ISBN 9780340858257. Reproduced by permission of Hodder Education*

**(a)** Luaigh fáth **amháin** ar fiuchadh an t-anraith ar feadh 10 nóiméad ag tús an turgnaimh.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Mínigh ina iomláine an toradh don anraith i léaráid A.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Luaigh dhá rud a bheadh le déanamh lena chinntiú go mbeadh torthaí an turgnaimh bailí (triail chothrom).

1. _______________________________________________


2. _______________________________________________ [2]

**(d)** Ainmnigh an t-eolaí a rinne turgnamh cosúil leis agus fleascáin ‘ealaphíbe’ in úsáid aige.

_______________________________________________ [1]

**5** Taispeánann an léaráid seo a leanas cuid den timthriall carbóin.

Taispeántar na próisis i **gcló trom**.




**(a)** Ón learáid, luaigh próiseas **amháin** nach n-athróidh leibhéil na dé-ocsaíde carbóin san aer.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin le **dhá** fháth a bhfuil leibhéal na dé-ocsaíde carbóin san aer ag méadú a lua.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]


**(c)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Is cúis le __________ __________ é an méadú ar leibhéil dé-ocsaíde carbóin.

Is cúis é seo, ansin, le fadhbanna amhail laghdú ar oighearmhánna agus athrú ar ________________. [2]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**6** Taispeánann **Fíor A** síológa nua-phéactha thart ar a máthairchrann.



**Fíor A**

Taispeánann **Fíor B** na síológa bliain ina dhiaidh sin faoin chrann chéanna.



**Fíor B**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na difríochtaí i líon agus i ndáileadh na síológ idir **Fíor A** agus **Fíor B**.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________


______________________________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**7 (a)** Ailse craicinn a léirítear sa léaráid seo a leanas.




**(i)** Úsáid an léaráid lena lua cad é mar is féidir le hailse leathnú go dtí baill eile den chorp.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh an dóigh a bhforbraíonn cealla ailse craicinn.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(iii)** Luaigh fáth amháin a bhfuil méadú ar líon na ndaoine i dTuaisceart Éireann a bhfuil ailse craicinn ag teacht orthu.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh an riocht a bhfuil crómasóm breise amháin i **ngach** cillchorp ina chúis leis.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Tá Siobhán le cuairt a thabhairt ar an Afraic den chéad uair.

**(i)** Luaigh cad chuige ar chóir dí líon de vacsaínithe nua a fháil sula n-imíonn sí.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Mínigh cad chuige a gcaithfear na vacsaínithe seo a thabhairt roinnt seachtainí sula dtéann sí ar laethanta saoire.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh an fáth a bhfuil vacsaínithe amhail MMR saor in aisce nuair a chaithfear íoc as a lán vacsaínithe taistil.

______________________________________________ [1]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.